Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2022
(OR. en)

5954/22

LIMITE

CORLX 71
CFSP/PESC 115
RELEX 134,
COEST 29
FIN 109

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Rialachán Cur Chun Feidhme gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin[1], agus go háirithe Airteagal 14(1) agus (3) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhaineann le 37 nduine aonair agus sé eintiteas in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis na daoine agus leis na heintitis a liostaítear thíos:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '4. | Denis Valentinovich BEREZOVSKIY<br>(Денис Валентинович БЕРЕЗОВСКИЙ)<br>Denys Valentynovych BEREZOVSKYY<br>(Денис Валентинович БЕРЕЗОВСЬКИЙ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 15.7.1974<br>Áit bhreithe: Kharkiv, Ukrainian SSR ( 'Ukraine' anois) | Ceapadh Berezovskiy ina cheannasaí ar an Ukrainian Navy an 1 Márta 2014 ach, ina dhiaidh sin, thug sé mionn do na Crimean armed forces, agus ar an gcaoi sin, chuaigh sé siar ar a mhionn don Ukrainian Navy.<br>Bhí sé ina Leas-Cheannasaí ar an Black Sea Fleet de chuid an Russian Federation go dtí Deireadh Fómhair 2015.<br>Leas-Cheannasaí an Pacific Fleet de chuid an Russian Federation agus Leas-Aimiréal. | 17.3.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 8. | Sergey Pavlovych TSEKOV<br>(Сергей Павлович ЦЕКОВ)<br>Serhiy Pavlovych TSEKOV<br>(Сергій Павлович ЦЕКОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 28.9.1953 nó 28.8.1953<br>Áit bhreithe: Simferopol, Ukraine | Mar Leas-Spéicéir ar Verkhovna Rada na Crimé, thionscain Tsekov, in éineacht le Sergey Aksyonov, briseadh neamhdhleathach rialtas 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach (ARC). Mheall sé Vladimir Konstantinov isteach san iarracht sin, agus bhagair go mbrisfí as a phost é. D'aithin sé go poiblí gurbh iad na Comhaltaí Parlaiminte ón gCrimé ba chúis le cuireadh a thabhairt do shaighdiúirí Rúiseacha seilbh a ghlacadh ar Verkhovna Rada na Crimé. Bhí sé ar dhuine de na chéad Cheannairí sa Chrimé a d'iarr go poiblí go ndéanfaí an Chrimé a ionghabháil isteach sa Rúis.<br>Comhalta den Federation Council of the Russian Federation ó 'Republic of Crimea', mar a ghairtear di, ó 2014 i leith, a athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2019. Comhalta den Council of the Federation Committee on Foreign Affairs. | 17.3.2014 |
| 17. | Sergei Vladimirovich ZHELEZNYAK<br>(Сергей Владимирович ЖЕЛЕЗНЯК) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 30.7.1970<br>Áit bhreithe: St Petersburg (dá ngairtí Leningrad tráth), Russian Federation | Iar-Leas-Spéicéir ar State Duma Russian Federation.<br>Thacaigh sé go gníomhach le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin agus le hionghabháil Crimea. Ba é a bhí i gceannas ar an léirsiú a thacaigh le himscaradh fhórsaí na Rúise san Úcráin.<br>Iar-Leas-Chathaoirleach agus iar-chomhalta den State Duma Committee on International Affairs.<br>Comhalta den Presidium of the General Council of the United Russia party. | 17.3.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | Aleksandr Viktorovich VITKO<br>(Александр Викторович ВИТКО) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 13.9.1961<br>Áit bhreithe: Vitebsk, Belarusian SSR (‘Belarus’ anois) | Iar-Cheannasaí ar Chabhlach na Mara Duibhe, Aimiréal.<br>Freagrach as ceannas na bhfórsaí Rúiseacha a bhfuil críoch cheannasach na hÚcráine forghafa acu.<br>Iar-Cheann Foirne agus Céad-Leas-Ardcheannasaí ar Chabhlach na Rúise. | 17.3.2014 |
| 27. | Alexander Mihailovich NOSATOV<br>(Александр Михайлович НОСАТОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 27.3.1963<br>Áit bhreithe: Sevastopol, PSS na hÚcráine, ( ‘Ukraine anois) | Iar-Cheannasaí ar Chabhlach na Mara Duibhe, Aimiréal.<br>Freagrach as ceannas na bhfórsaí Rúiseacha a bhfuil críoch cheannasach na hÚcráine forghafa acu.<br>Aimiréal agus Ceann Phríomhfhoireann Chabhlach na Rúise faoi láthair. | 21.3.2014 |
| 32. | Leifteanant-Ghinearál Igor Nikolaevich (Mykolayovich) TURCHENYUK<br>(Игорь Николаевич ТУРЧЕНЮК) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 5.12.1959<br>Áit bhreithe: Osh, PSS na Kyrgyz, (an Chirgeastáin anois) | Iar-Cheannasaí *de facto* ar na trúpaí Rúiseacha a imscaradh sa Chrimé, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, (agus dá dtagraíonn an Rúis fós go hoifigiúil dóibh mar ‘mhílístí féinchosanta áitiúla’). Iar-Leas-Cheannasaí ar Cheantar Míleata an Deiscirt tráth.<br>Ceann Cheantar an Deiscirt den Russian National Guard. | 21.3.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 37. | Sergei Ivanovich MENYAILO<br><br>(Сергей Иванович МЕНЯЙЛО) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 22.8.1960<br><br>Áit bhreithe: Alagir, North-Ossetian Autonomous SSR, RSFSR (Russian Federation anois) | Iar-Ghobharnóir ar chathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil uirthi, san Úcráin.<br><br>Iar-Ionadaí Lánchumhachtach d'Uachtarán an Russian Federation don Siberian Federal District. Comhalta de Security Council den Russian Federation.<br><br>Ceann Northern Ossetia ón 19 Meán Fómhair 2021. | 29.4.2014 |
| 38. | Olga Fyodorovna KOVITIDI<br><br>(Ольга Фёдоровна КОВИТИДИ) | Inscne: baineann<br><br>Dáta breithe: 7.5.1962<br><br>Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) | Comhalta den Russian Federation Council ón 'Republic of Crimea' Féinrialaitheach a ionghabhadh, ó 2014; é athcheaptha in 2019.<br><br>Comhalta faoi láthair ar an Federation Council Committee on Constitutional Legislation and State Building.. | 29.4.2014 |
| 50. | Vladimir Anatolievich SHAMANOV<br><br>(Владимир Анатольевич ШАМАНОВ) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 15.2.1957<br><br>Áit bhreithe: Barnaul, Cónaidhm na Rúise | Iar-Cheannasaí ar Thrúpaí Aerbheirthe na Rúise, Coirnéal-Ginearál. Sa phost sinsearach sin dó, tá freagracht air as trúpaí aerbheirthe na Rúise a imscaradh sa Chrimé.<br><br>Iar-Chathaoirleach ar an Defence Committee of the State Duma of the Russian Federation. Comhalta den State Duma, Committee on Development of the Civil Society.. | 12.5.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 60. | Natalia Vladimirovna POKLONSKAYA<br>(Наталья Владимировна ПОКЛОНСКАЯ) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 18.3.1980<br>Áit bhreithe: Mikhailovka, réigiún Voroshilovgrad, PSS na hÚcráine nó Yevpatoria, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) | Comhalta den State Duma, tofa ó 'Republic of Crimea' Féinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Iarionchúisitheoir, 'Republic of Crimea'', mar a ghairtear di. Chuir sé an ionghabháil a rinne an Rúis ar an gCrimé chun feidhme go gníomhach.<br>Iar-Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta, comhalta den Choimisiún maidir leis an imscrúdú ar chur isteach eachtrach ar ghnóthaí inmheánacha Chónaidhm na Rúise, comhalta den Choiste um shlándáil agus um dhul i ngleic le héilliú State Duma of the Russian Federation. Tá post aige mar Ambasadóir i gcór taidhleoireachta Chónaidhm na Rúise. | 12.5.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 62. | Aleksandr Yurevich BORODAI (Александр Юрьевич БОРОДАЙ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 25.7.1972<br>Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise | Iar-' Prime Minister of the Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, agus é freagrach as na gníomhaíochtaí 'rialtais' scarúnaíocha a dhéanann 'government of the Donetsk People's Republic' mar a ghairtear de (e.g. an 8 Iúil 2014, dúirt sé go bhfuil 'ár n-arm i mbun oibríochta speisialta i gcoinne "faisistithe" de chuid na hÚcráine'), agus shínigh sé an Meabhrán Tuisceana maidir le 'Novorossiya union'. Tá sé fós gníomhach maidir le tacú le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha; is é atá ina cheann feadhna ar 'Union of Donbas volunteers'.<br>Cathaoirleach ar an Board of the Union of Volunteers of Donbass. Rannpháirteach go gníomhach in earcú agus in oiliúint 'saorálaithe' a cuireadh chun troda in Donbas.<br>Comhalta den State Duma ó mhí Meán Fómhair 2021. D'fhógair sé i mí Dheireadh Fómhair 2021 gur 'fhórsaí Rúiseacha' iad na fórsaí scarúnaíocha in Oirthear na hÚcráine. | 12.7.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 65. | Alexander KHRYAKOV<br>Aleksandr Vitalievich KHRYAKOV<br>(Александр Витальевич ХРЯКОВ)<br>Oleksandr Vitaliyovych KHRYAKOV<br>(Олександр Віталійович ХРЯКОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 6.11.1958<br>Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin | Iar-'Aire Faisnéise agus Ollchumarsáide', mar a ghairtear de, de chuid 'Donetsk People's Republic'. Comhalta faoi láthair de Choiste 'People's Council' an 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, maidir leis an mBuiséad, an tAirgeadas agus an Beartas Eacnamaíoch. Fós ag tacú go gníomhach leis na gníomhaíochtaí scarúnaíocha in Oirthear na hÚcráine. | 12.7.2014 |
| 66. | Marat Faatovich BASHIROV<br>(Марат Фаатович БАШИРОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 20.1.1964<br>Áit bhreithe: Izhevsk, Cónaidhm na Rúise | Iar-'Prime Minister of the Council of Ministers of the Luhansk People's Republic' mar a ghairtear de, arna dhearbhú an 8 Iúil 2014.<br>Freagrach as gníomhaíochtaí scarúnaíochta 'rialtasacha' 'government of the Luhansk People's Republic ' mar a ghairtear di.<br>Faoi láthair, tá sé ina eolaí polaitiúil san Institiúid um Bainistíocht Cumarsáide agus is é Stiúrthóir an Lárionaid um Staidéar ar Fhadhbanna Córas Smachtbhannaí Idirnáisiúnta.<br>Tá sé ag tacú le struchtúir scarúnaíochta an 'Luhansk People's Republic ' mar a ghairtear di i gcónaí. | 12.7.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 77. | Boris Vyacheslavovich GRYZLOV<br>(Борис Вячеславович ГРЫЗЛОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 15.12.1950<br>Áit bhreithe: Vladivostok, Cónaidhm na Rúise | Iar-bhuanchomhalta den Security Council den Russian Federation. Mar chomhalta den Chomhairle Slándála, a chuireann comhairle ar fáil maidir le gnóthaí slándála náisiúnta agus a chomhordaíonn na gnóthaí sin, bhí baint aige le beartas Rialtas na Rúise a mhúnlú, ar bagairt é ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.<br>Tá sé fós ina chathaoirleach ar Ardchomhairle na Rúise agus ina ionadaí lánchumhachtach ag Cónaidhm na Rúise sa Ghrúpa Teagmhála maidir leis an staid san Úcráin a réiteach.<br>Cathaoirleach ar Bhord Stiúrthóirí Tactical Missiles Corporation JSC, fiontar ar leis an Stát é. | 25.7.2014 |
| 79. | Mikhail Vladimirovich DEGTYARYOV/DEGTYAREV (Михаил Владимирович ДЕГТЯРЁВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 10.7.1981<br>Áit bhreithe: Kuibyshev (Samara), Cónaidhm na Rúise | Iarchomhalta den State Duma.<br>Mar chomhalta den Duma, d'fhógair sé oscailt fhoirmiúil '*de facto* embassy' de 'Donetsk People's Republic' (neamhaitheanta), mar a ghairtear de, i Moscó, agus cuidíonn sé leis an mbonn a bhaint d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó cuidíonn sé leis an mbagairt orthu sin.<br>Iar-Chathaoirleach ar an Russian State Duma Committee on Physical Education, Sport and Youth Affairs.<br>Ó 19 Meán Fómhair 2021 i leith, tá sé ina Ghobharnóir ar Khabarovsk Krai.<br>Ó 6 Feabhra 2021 tá sé ina Chomhordaitheoir ar bhrainse réigiúnach Pháirtí Daonlathach Liobrálach na Rúise. | 25.7.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 84. | Fyodor Dmitrievich BEREZIN<br>(Фёдор Дмитриевич БЕРЕЗИН)<br>Fedir Dmytrovych BEREZIN<br>(Федір Дмитрович БЕРЕЗІН) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 7.2.1960<br>Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin | Iar-'leas-aire cosanta' mar a ghairtear de, den 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Tá baint aige le Igor Strelkov/Girkin, atá freagrach as gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó dá réir, thug Berezin tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Tá sé fós ag tacú go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais scarúnaíocha. Comhalta den 'People's Council' den 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de. Cathaoirleach reatha ar Bhord Aontas Scríbhneoirí DNR. | 25.7.2014 |
| 98. | Miroslav Vladimirovich RUDENKO<br>(Мирослав Владимирович РУДЕНКО)<br>Myroslav Volodymyrovych RUDENKO<br>(Мирослав Володимирович РУДЕНКО) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 21.1.1983<br>Áit bhreithe: Debaltsevo, an Úcráin | Tá baint aige leis an 'Donbass People's Militia'. Tá sé ráite aige, *inter alia*, go leanfaidh siad ar aghaidh leis an troid sa chuid eile den tír. Dá bhrí sin, thacaigh Rudenko le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. Comhalta den 'People's Council of the Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, maidir leis an Oideachas, an Eolaíocht agus an Cultúr. | 12.9.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 108. | Vladimir Abdualiyevich VASILYEV (Владимир Абдуалиевич ВАСИЛЬЕВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 11.8.1949<br>Áit bhreithe: Klin, réigiún Mhoscó, Cónaidhm na Rúise | Iar-Leas-Spéicéir den State Duma. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'on the acceptance into the Russian Federation of the 'Republic of Crimea' agus foirmiú, laistigh den Russian Federation, eintiteas nua cónaidhme — 'Republic of Crimea' agus an 'City of Federal Status Sevastopol'.<br>Iarcheann ar an Republic of Dagestan. Iarchomhairleoir ag Uachtarán Chónaidhm na Rúise.<br>Comhalta den State Duma agus ceannaire an United Russia faction ag an State Duma. | 12.9.2014 |
| 114. | Igor Vladimirovich LEBEDEV<br>(Игорь Владимирович ЛЕБЕДЕВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 27.9.1972<br>Áit bhreithe: Moscó, Cónaidhm na Rúise | Iarchomhalta den State Duma. Iar-Leas-Spéicéir, an State Duma. An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme maidir le 'on the acceptance into the Russian Federation of the "Republic of Crimea" and the formation within the Russian Federation of new federal subjects – the 'Republic of Crimea' and the City of Federal Status Sevastopol'. | 12.9.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 119. | Alexander Mikhailovich BABAKOV (Александр Михайлович БАБАКОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 8.2.1963<br>Áit bhreithe: Chisinau, Moldavian SSR (Republic of Moldova anois) | Iar-Chomhalta den Federation Council of the Russian Federation. Comhalta den Committee on Foreign Affairs. Comhalta ar leith de 'United Russia' agus fear gnó a bhfuil infheistíocht mhór déanta aige in Ukraine agus in Crimea.<br>An 20 Márta 2014, vótáil sé i bhfabhar dréacht-Dlí Bunreachtúil Cónaidhme 'on the acceptance into the Russian Federation of the "Republic of Crimea" and the formation within the Russian Federation of new federal subjects – the "Republic of Crimea" and the City of federal status of Sevastopol'.<br>Tar éis do na páirtithe polaitíochta – "A Just Russia", "For Truth" agus "Patriots of Russia" a bheith cumasctha, ceapadh Babakov ina Rúnaí ar an Presidium ar Central Council an eintitis chumaiscthe.<br>Comhalta den State Duma, comhalta den Choimisiún um Fhuinneamh, tacaíocht do FBManna, Gnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách (CIS), comhtháthú Eoráiseach agus tacaíocht do chomhthírigh. | 12.9.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 121. | Oleg Konstantinovich AKIMOV (ar a dtugtar freisin Oleh AKIMOV)<br>(Олег Константинович АКИМОВ)<br>Oleh Kostiantynovych AKIMOV<br>(Олег Костянтинович АКІМОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 15.9.1981<br>Áit bhreithe: Luhansk, an Úcráin | Comhalta de chuid 'Aontas Eacnamaíoch Luhansk' i 'National Council' an 'Luhansk People's Republic'. Sheas sé mar iarrthóir sna 'toghcháin', mar a ghairtear díobh, ar an 2 Samhain 2014, don phost mar 'Head', mar a ghairtear de, ar an 'Luhansk People's Republic'. Bhí na 'toghcháin' sin ina sárú ar dhlí na hÚcráine agus, dá bhrí sin, bhí siad neamhdhleathach. Iar-'Cheann' ar an 'Federation of Trade Unions', mar a ghairtear di. Comhalta den 'People's Council' de chuid an 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di. Cathaoirleach reatha Bhord na hEagraíochta Poiblí Idir-réigiúnaí 'Union of Lugansk Communities', a dhéanann ionadaíocht ar son an Choiste Lánpháirtíochta 'Russia-Donbass'.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, agus é ag glacadh páirte go foirmiúil mar iarrthóir sna 'toghcháin' neamhdhleathacha, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.<br>Tacaíonn sé go gníomhach le gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. | 29.11.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 131. | Yevgeniy Vyacheslavovich ORLOV (ar a dtugtar freisin Yevhen Vyacheslavovych ORLOV)<br>(Евгений Вячеславович ОРЛОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 10.5.1980 nó 21.10.1983<br>Áit bhreithe: Snezhnoye, Donetsk oblast, an Úcráin<br>г. Снежное, Донецкой области, Украина | Iar-Chomhalta de 'National Council' an 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Iarchathaoirleach ar an ngluaiseacht phoiblí dar teideal 'Free Donbass'.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.<br>Iar-Leas-Chathaoirleach an DNR National Assembly Committee on Industry and Trade. | 29.11.2014 |
| 137. | Eduard Aleksandrovich BASURIN<br>(Эдуард Александрович БАСУРИН)<br>Eduard Oleksandrovych BASURIN<br>(Едуард Олександрович БАСУРІН) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 27.6.1966<br>Áit bhreithe: Donetsk, an Úcráin | Urlabhraí agus Leas-Cheann de chuid 'People's Militia' 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di.<br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.<br>Leas-Cheann agus ionadaí oifigiúil 'People's Militia Department of the DPR.' | 16.2.2015 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 140. | Sergey Yurevich KUZOVLEV (ar a dtugtar freisin IGNATOV, TAMBOV)<br><br>(КУЗОВЛЕВ Сергей Юрьевич (ar a dtugtar freisin Сергей; ИГНАТОВ , ТАМБОВ) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 7.1.1967<br><br>Áit bhreithe: Michurinsk, Tambov oblast, Cónaidhm na Rúise<br><br>Мичуринск, Тамбовская область, Российская Федерация | Iar-'Ard-Cheannasaí', mar a ghairtear de, ar 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear di.<br><br>Agus é ag glacadh na cáile sin chuige agus ag gníomhú dó sa cháil sin, tá tacaíocht ghníomhach tugtha aige, dá bhrí sin, do ghníomhaíochtaí agus do bheartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh.<br><br>Iar-Cheannasaí ar an 8ú hArm de chuid Fhórsa Armtha na Rúise. Ceann Foirne agus Céad-Leas-Cheannasaí ar Dhúiche Mhíleata an Deiscirt de chuid na Rúise. | 16.2.2015 |
| 149. | Andrei Valeryevich KARTAPOLOV<br><br>(Андрей Валерьевич КАРТАПОЛОВ) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 9.11.1963<br><br>Áit Bhreithe: Iar-Phoblacht Dhaonlathach na Gearmáine | Iar-Cheannasaí ar Limistéar Míleata an Iarthair. Iar-Stiúrthóir na Príomh-Roinne Oibríochtaí agus leas-cheann Fhoireann Ghinearálta Fhórsaí Armtha Chónaidhm na Rúise. Rannpháirteach go gníomhach i bhfeachtas míleata fhórsaí na Rúise san Úcráin a mhúnlú agus a chur chun feidhme.<br><br>De réir ghníomhaíochtaí dearbhaithe na foirne ginearálta, trí rialú oibriúcháin a fheidhmiú ar na fórsaí armtha, bhí sé rannpháirteach go gníomhach i múnlú agus i gcur chun feidhme bheartas rialtas na Rúise lena gcuirtear iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine i mbaol.<br><br>An tIar-Leas-Aire Cosanta.<br><br>Comhalta State Duma ón 19 Meán Fómhair 2021 i leith. | 16.2.2015 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 152. | Ruslan Ismailovich BALBEK<br>(Руслан Исмаилович БАЛЬБЕК) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 28.8.1977<br>Áit bhreithe: Bekabad, PSS na hÚisbéiceastáine (an Úisbéiceastáin anois) | Iar-Chomhalta State Duma, tofa ó 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Iar-Leas-Chathaoirleach ar Choiste an Dúma um Ghnóthaí Eitneacha.<br>In 2014, ceapadh Balbek ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle na nAirí de chuid 'Republic of Crimea', mar a ghairtear di, agus bhí sé ag obair sa cháil sin chun leithinis na Crimé, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, a chomhtháthú i gCónaidhm na Rúise, ar ina leith a bronnadh bonn air 'I ngeall ar 'Republic of Crimea' a Chosaint'. Thacaigh sé le hionghabháil na Crimé i ráitis phoiblí, lena n-áirítear ar a phróifíl ar shuíomh gréasáin na Rúise Aontaithe (brainse na Crimé) agus in alt preasa a foilsíodh ar shuíomh gréasáin NTV an 3 Iúil 2016. | 9.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 154. | Dmitry Anatolievich BELIK<br>(Дмитрий Анатольевич БЕЛИК) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 17.10.1969<br>Áit bhreithe: Kula r. Ust-Yansky district, Yakut Autonomous SSR (Cónaidhm na Rúise anois) | Comhalta State Duma, tofa ó chathair Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Comhalta de Choiste an Dúma um Ghnóthaí Idirnáisiúnta.<br>Mar chomhalta d'údarás bardasach Sevastopol ó mhí Feabhra go mí an Mhárta 2014, thacaigh sé le gníomhaíochtaí 'Méara na nDaoine', mar a ghairtear de, Alexei Chaliy. D'admhaigh sé go poiblí go raibh sé rannpháirteach in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, rud ar chosain sé go poiblí, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin pearsanta agus in agallamh a foilsíodh an 21 Feabhra 2016 ar shuíomh gréasáin nation-news.ru.<br>Mar thoradh ar a rannpháirtíocht i bpróiseas na hionghabhála bronnadh ordú den dara céim de chuid Stáit na Rúise ''For Merit to the Fatherland – second degree' air. | 9.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 155. | Andrei Dmitrievich KOZENKO<br><br>(Андрей Дмитриевич КОЗЕНКО) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 3.8.1981<br><br>Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) | Iar-Chomhalta State Duma, tofa ó 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br><br>Iar-Chomhalta de Choiste an Dúma um Margaí Airgeadais.<br><br>I mí an Mhárta 2014, ceapadh an tUasal Kozenko ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Stáit 'Republic of Crimea', mar a ghairtear di. D'admhaigh sé go poiblí go raibh sé rannpháirteach in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol, rud ar chosain sé go poiblí, lena n-áirítear in agallamh a foilsíodh ar shuíomh gréasáin gazetacrimea.ru an 12 Márta 2016. Bhronn na 'húdaráis' áitiúla bonn air 'I ngeall ar 'Republic of Crimea' a chosaint' as ucht a bheith rannpháirteach i bpróiseas na hionghabhála. | 9.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 156. | Svetlana Borisovna SAVCHENKO<br>(Светлана Борисовна САВЧЕНКО) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 24.6.1965<br>Áit bhreithe: Belogorsk, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) | Iar-Chomhalta State Duma, tofa ó 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Iar-Chomhalta de Choiste an Dúma um Chultúr.<br>Tá sí ina comhalta d'Ardchomhairle 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach ó 2012 i leith agus amhail ó mhí an Mhárta 2014 thacaigh sí le comhtháthú na Crimé agus Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach, i gCónaidhm na Rúise. I mí Mheán Fómhair 2014, toghadh Svetlana Borisovna Savchenko ar Chomhairle Stáit 'Republic of Crimea', mar a ghairtear di. Chosain sí ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol go mion minic i ráitis phoiblí, lena n-áirítear in agallaimh a foilsíodh ar shuíomh gréasáin c-pravda.ru an 2 Aibreán 2016 agus an 20 Lúnasa 2016. Bhronn 'údaráis' 'Phoblacht na Crimé' ordú Stáit na Rúise 'For duties to the motherland' – céim II uirthi in 2014 agus an t-ordú 'I ngeall ar dhílseacht don dualgas' uirthi in 2015. | 9.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 157. | Pavel Valentinovich SHPEROV<br>(Павел Валентинович ШПЕРОВ) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 4.7.1971<br>Áit bhreithe: Simferopol, PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) | Iar-Chomhalta State Duma, tofa ó 'Republic of Crimea' Fhéinrialaitheach, a ionghabhadh go neamhdhleathach.<br>Iar-Chomhalta de Choiste an Dúma um Ghnóthaí Chomhlathas na Stát Neamhspleách, um lánpháirtiú Eoráiseach agus um chaidreamh le comhthírigh.<br>I mí Mheán Fómhair 2014, toghadh Shperov ar Chomhairle Stáit 'Republic of Crimea', mar a ghairtear di.<br>D'admhaigh sé go poiblí, lena n-áirítear in agallamh a foilsíodh ar shuíomh gréasáin ldpr-rk.ru an 3 Meán Fómhair 2016, go raibh ról aige in imeachtaí 2014 as ar eascair ionghabháil neamhdhleathach na Crimé agus Sevastopol agus go háirithe go raibh ról aige i ndáil leis an reifreann neamhdhleathach ar ionghabháil neamhdhleathach na leithinse a eagrú. | 9.11.2016 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 162. | Inna Nikolayevna GUZEYEVA<br>(Инна Николаевна ГУЗЕЕВА)<br>Inna Nikolayevna GUZEEVA<br>(Инна Николаевна ГУЗЕЕВА)<br>Inna Mykolayivna HUZIEIEVA<br>(Інна Миколаївна ГУЗЄЄВА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 20.5.1971<br>Áit bhreithe: An Chrimé, an Úcráin | Leas-Chathaoirleach Choimisiún Toghcháin na Crimé. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018, na dtoghchán réigiúnach agus áitiúil a tionóladh an 8 Meán Fómhair 2019 agus in eagrú thoghcháin an Duma i mí Mheán Fómhair 2021 sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun feidhme. | 14.5.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 163. | Natalya Ivanovna BEZRUCHENKO/Natalia Ivanovna BEZRUCHENKO<br>(Наталья Ивановна БЕЗРУЧЕНКО)<br>Nataliya Ivanivna BEZRUCHENKO<br>(Наталія Іванівна БЕЗРУЧЕНКО) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 22.8.1979<br>Áit bhreithe: Simferopol, an Chrimé, an Úcráin | Rúnaí Choimisiún Toghcháin na Crimé. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú thoghcháin uachtaránachta na Rúise an 18 Márta 2018, na dtoghchán réigiúnach agus áitiúil a tionóladh an 8 Meán Fómhair 2019 agus in eagrú thoghcháin an Duma i mí Mheán Fómhair 2021 sa Chrimé agus in Sevastopol a ionghabhadh go neamhdhleathach, agus ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine agus chuir sí na beartais sin chun feidhme. | 14.5.2018 |
| 167. | Olga Valerievna POZDNYAKOVA/Olga Valeryevna POZDNYAKOVA<br>(Ольга Валерьевна ПОЗДНЯКОВА)<br>Olga Valeriyivna POZDNYAKOVA<br>(Ольга Валеріївна ПОЗДНЯКОВА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 30.3.1982<br>Áit bhreithe: Shakhty, Oblast Rostov, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) | Iar-'Cathaoirleach' ar 'Central Electoral Commission' 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di. Sa cháil sin, ghlac sí páirt in eagrú 'toghcháin', mar a ghairtear díobh, an 11 Samhain 2018 i 'Donetsk People's Republic', mar a ghairtear di, agus, ar an gcaoi sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaigh an Úcráin a thuilleadh agus chuir sí na gníomhaíochtaí agus na beartais sin chun feidhme.<br>Iar-Cheann na Stiúrthóireachta um Beartas Intíre laistigh de riarachán 'Head of the Donetsk People's Republic', mar a ghairtear de. | 10.12.2018 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 183. | Aleksandr Vladimirovich DVORNIKOV<br>(Александр Владимирович ДВОРНИКОВ) | Inscne: fireann; Dáta breithe: 22.8.1961<br>Áit bhreithe: Ussuriysk, Primorskiy Krai, Cónaidhm na Rúise | Ceannasaí Cheantar Míleata an Deiscirt d'Fhórsaí Armtha na Rúise, Ginearál an Airm agus is é a bhí freagrach as fórsaí míleata sa réigiún, lena n-áirítear an Chrimé agus Sevastopol, a ionghabhadh go neamhdhleathach. Sa cháil sin dó, is é a bhí freagrach as gníomhaíochtaí Chabhlach na Mara Duibhe agus fórsaí míleata eile ó Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine an 25 Samhain 2018, rud a d'fhág nár fhéad soithí na hÚcráine dul a fhad lena gcósta féin ar Mhuir Mheoid, rud a bhain an bonn d'iomláine chríochach agus de cheannasacht na hÚcráine agus a bhain an bonn de shlándáil na hÚcráine trí chur as do ghluaiseachtaí agus inoibritheacht shoithí cabhlaigh na hÚcráine.<br>Ina theannta sin, thacaigh na gníomhartha sin le hionghabháil neamhdhleathach a dhéanamh ar leithinis na Crimé isteach i gCónaidhm na Rúise. | 15.3.2019 |
| 184. | Sergei Andreevich DANILENKO<br>(Сергей Андреевич ДАНИЛЕНКО) | Inscne: fireann<br>Dáta breithe: 14.3.1960<br>Áit bhreithe: Krasnodar, APSS (Cónaidhm na Rúise anois) | Iar-Cheann an Sevastopol Electoral Commission. Sa cháil seo, ghlac sé páirt i reáchtáil na dtoghchán áitiúil an 8 Meán Fómhair 2019 i gcathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, agus ar an gcaoi sin thacaigh sé go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sé beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 185. | Lidia Aleksandrovna BASOVA (Лидия Александровна БАСОВА) Lidiya Oleksandrivna BASOVA (Лідія Олександрівна БАСОВА) | Inscne: baineann<br>Dáta breithe: 1972 | Iar-Leas-Cheann an Sevastopol Electoral Commission. Sa cháil sin, ghlac sí páirt i reáchtáil na dtoghchán áitiúil an 8 Meán Fómhair 2019 i gcathair Sevastopol, a ndearnadh ionghabháil neamhdhleathach uirthi, agus ar an gcaoi sin thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus chuir sí beartais chun feidhme a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó na beartais sin ar an méid sin. | 28.1.2020 |
| 192. | Leonid Kronidovich RYZHENKIN<br><br>(Леонид Кронидович РЫЖЕНЬКИН) | Inscne: fireann<br><br>Dáta breithe: 10.11.1967<br><br>Áit bhreithe: ní fios<br><br>Pasuimhir: 722706177 (in 2015) | Iar-Leas-Ardstiúrthóir ar thionscadail bhonneagair ag Stroigazmontazh (SGM), cuideachta atá i mbun maoirseachta ó 2015 ar thógáil an droichid ar Chaolas Kerch (lena n-áirítear an chuid sin den droichead ar iarnród é) a nascann an Rúis agus leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le comhdhlúthú leithinis na Crimé a ionghabhadh go neamhdhleathach i gCónaidhm na Rúise, rud a bhaineann an bonn a thuilleadh d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine. | 1.10.2020<br>’ |

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘1. | Fiontar Aonadach Stáit de chuid 'Republic of Crimea’ ‘Chernomorneftegaz’<br>(ar a dtugtaí PJSC ‘Chernomorneftegaz’ tráth) | Prospekt Kirov 52, Simferopol, an Chrimé, an Úcráin 295000<br>пр. Кирова 52, г. Симферополь, Крым, Украина 295000<br>Uimhir theileafóin:<br>+7 (3652) 66-70-00<br>+7 (3652) 66-78-00<br>http://gas.crimea.ru/<br>office@chernomorneftegaz.ru<br>Cláruimhir: 1149102099717 | An 17 Márta 2014, ghlac ‘Parlaimint na Crimé’ rún á dhearbhú go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid Chernomorneftegaz a ghabháil thar ceann ‘Republic of Crimea’. Tá ‘údaráis’ na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. An 29 Samhain 2014, athchláraíodh mar Institiúid Aonadach Stáit de chuid ‘Republic of Crimea’ é i.e. ‘Chernomorneftegaz’ (Государственное унитарное предприятие Республики Крым ‘Черноморнефтегаз’). Bunaitheoir: Aireacht Breosla agus Fuinnimh ‘Republic of Crimea’ (Министерство топлива и энергетики ‘Республики Крым’). | 12.5.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | An institiúid bhuiséadach stáit fheidearálach don eolaíocht agus taighde darb ainm 'All- Russia national scientific research institute for wine growing and wine making "Magarach" Russian Academy of Sciences'<br><br>Федеральное государственное бюджетное учреждение науки 'Всероссийский национальный научно-исследовательский институт виноградарства и виноделия 'Магарач' РАН' | 298600, Kirov Street 31, Yalta, an Chrimé, an Úcráin<br><br>298600, ул. Кирова, 31, г. Ялта, Крым, Украина<br><br>priemnaya@magarach-institut.ru<br><br>www.magarach-institut.ru<br><br>+7(3654) 32-05-91<br><br>Cláruimhir: 1159102130857 | Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí na hÚcráine. An 9 Aibreán 2014, ghlac 'Uachtarán Pharlaimint na Crimé' cinneadh Uimhir 1991-6/14 'Maidir leis na leasuithe a rinneadh ar an Rún ó Chomhairle Stáit 'Republic of Crimea'' an 26 Márta 2014 Uimhir 1836-6/14 'Maidir le náisiúnú a dhéanamh ar mhaoin de chuid fiontar, institiúidí, agus comhlachtaí sa choimpléasc agra-thionsclaíoch, suite sa limistéar 'Republic of Crimea' inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid an fhiontair stáit 'Gosudarstvenoye predpriyatiye Agrofirma 'Magarach' nacionalnogo instituta vinograda i vina 'Magarach'' a ghabháil thar ceann 'Republic of Crimea'. Tá 'údaráis' na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán.<br><br>Athchláraíodh é an 15 Eanáir 2015 mar 'State Unitary Institution of the 'Republic of Crimea' National Institute of Wine 'Magarach''.<br><br>(Государственное бюджетное учреждение 'Республики Крым' 'Национальный научно исследовательский институт винограда и вина "Магарач"'). Bunaitheoir: Aireacht Talmhaíochta 'Republic of Crimea' (Министерство топлива и энергетики 'Республики Крым'). | 25.7.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | (Ar a dtugtaí an 'State Unitary Enterprise of the 'Republic of Crimea' 'National Institute of Wine "Magarach" tráth'<br><br>Ar a dtugtaí an 'State enterprise "Magarach" of the national institute of wine' tráth 'Государственное предприятие Агрофирма 'Магарач' Национального института винограда и вина 'Магарач''<br><br>Gosudarstvenoye predpriyatiye Agrofirma 'Magarach' nacionalnogo instituta vinograda i vina 'Magarach') | | An 9 Feabhra 2015, rinneadh Federal Budgetary scientific facility 'All-Russia scientific-research institute of viticulture and winemaking 'Magarach'', Russian Academy of Sciences, as an State Unitary Enterprise of the 'Republic of Crimea' 'National Institute of Wine 'Magarach''. | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Cuideachta chomhstoic 'Sparkling wine plant 'Novy Svet'' <br>Акционерное общество 'Завод шампанских вин 'Новый Свет'' <br>Ar a dtugtaí State unitary enterprise of the 'Republic of Crimea' 'Sparkling wine plant 'Novy Svet'' tráth' | 298032, Crimea, Sudak, Novy Svet, str. Shalapina 1. <br>298032, Крым, г. Судак, пгт. Новый Свет, ул. Шаляпина, д. 1 <br>+7-(365) 663-35-00 <br>+7-(365) 663-35-22 <br>+7-978-914- 00-10 <br>http://nsvet-crimea.ru/ <br>Cláruimhir: 1179102021460 | Aistríodh úinéireacht an eintitis de shárú ar dhlí na hÚcráine. An 9 Aibreán 2014, ghlac 'Uachtarán Pharlaimint na Crimé' cinneadh Uimhir 1991-6/14 'Maidir leis na leasuithe a rinneadh ar an Rún ó Chomhairle Stáit 'Republic of Crimea'' an 26 Márta 2014 Uimhir 1836-6/14 'Maidir le náisiúnú a dhéanamh ar mhaoin de chuid fiontar, institiúidí, agus comhlachtaí sa choimpléasc agra thionsclaíoch, suite sa limistéar 'Republic of Crimea'' inar dearbhaíodh go rabhthas tar éis sócmhainní de chuid 'Zavod shampanskykh vin Novy Svet'' a ghabháil thar ceann 'Republic of Crimea'. | 25.7.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | Государственное унитарное предприятие Республики Крым 'Завод шампанских вин 'Новый Свет''<br><br>Gosudarstvennoye unitarnoye predpriyatiye Respubliki Krym 'Zavod shampanskykh vin 'Novy Svet'' agus mar 'State enterprise sparkling wine plant 'Novy Svet''<br><br>Государственное предприятие Завод шампанских вин 'Новый свет' (Gosudarstvenoye predpriyatiye Zavod shampanskykh vin 'Novy Svet') | | Tá 'údaráis' na Crimé, más ea, tar éis an fiontar a choigistiú a mhórán nó a bheagán. An 4 Eanáir 2015, athchláraíodh mar State Unitary Enterprise of the 'Republic of Crimea' 'sparkling wine plant 'Novy Svet'' (Государственное унитарное предприятие Республики Крым 'Завод шампанских вин 'Новый Свет''). Bunaitheoir: Aireacht Talmhaíochta 'Republic of Crimea' (Министерство топлива и энергетики Республики Крым)<br><br>Athchláraíodh tar éis í a atheagrú an 29 Lúnasa 2017 mar chuideachta chomhstoic 'Sparkling wine plant 'Novy Svet'' (Акционерное общество 'Завод шампанских вин "Новый Свет"''). Bunaitheoir: Aireacht Talmhaíochta agus Maoine Rialacháin 'Republic of Crimea' (Министерство земельных и имущественных отношений Республики Крым). | |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 25. | Gluaiseacht phoblí 'Peace to Luhansk Region' (Mir Luganschine)<br>Общественное движение 'Мир Луганщине' | https://mir-lug.info/<br>Seoladh: Sráid Karl Marx 7, Luhansk, an Úcráin<br>улица Карла Маркса, 7, г. Луганск, Украина<br>info@mir-lug.info | 'Gluaiseacht' phoiblí a rinne ionadaíocht ar na hiarrthóirí sna 'toghcháin', mar a tugadh orthu, i 'Luhansk People's Republic' an 2 Samhain 2014 agus an 11 Samhain 2018. Is sárú iad na 'toghcháin' sin ar dhlí na hÚcráine agus iad neamhdhleathach dá réir. Ón 17 Feabhra 2018 i leith, is é Leonid PASECHNIK cathaoirleach na heagraíochta sin agus dá bhrí sin, tá baint aige le duine atá ainmnithe ag an gComhairle.<br>Ó tharla gur ghlac sí páirt sna 'toghcháin' neamhdhleathacha sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus le beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. | 29.11.2014 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 26. | Gluaiseacht Phoiblí 'Free Donbass' (ar a dtugtar freisin 'Free Donbass','Svobodny Donbass') Общественное движение 'Свободный Донбасс' | http://www.odsd.ru/<br><br>https://xn--d1aa2an.xn--p1ai/<br><br>Seoladh:<br><br>102, Khmelnitsky Ave., Donetsk (office 512)<br><br>Донецк, пр. Б.Хмельницкого, 102, офис 512<br><br>press-odsd@yandex.ru | 'Eagraíocht' phoiblí a rinne ionadaíocht ar na hiarrthóirí sna 'toghcháin', mar a tugadh orthu, i 'Donetsk People's Republic' an 2 Samhain 2014 agus an 11 Samhain 2018. Is sárú iad na 'toghcháin' sin ar dhlí na hÚcráine agus iad neamhdhleathach dá réir.<br><br>Ó tharla gur ghlac sí páirt sna 'toghcháin' neamhdhleathacha sin, thacaigh sí go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh. | 29.11.2014 |
| 33. | Prizrak brigade<br><br>Бригада "Призрак" | Seoladh: District 50 Year of the USSR, 18; c. of Kirovsk<br><br>https://vk.com/battalionprizrak<br><br>mail@prizrak.info<br><br>+38 (072) 199-86-39 | Grúpa scarúnaíoch armtha a thacaigh go gníomhach le gníomhaíochtaí agus beartais a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus a dhíchobhsaíonn an Úcráin a thuilleadh.<br><br>Cuid den '2nd Army Corps', mar a ghairtear de, de chuid 'Lugansk People's Republic'.<br><br>Dá ngairtear '14th Motorized Rifle Battalion' freisin.<br><br>Mar chuid de Daon-Mhílíste de 'Luhansk People's Republic', mar a ghairtear de. | 16.2.2015' |